# Patrúin agus Seichimh

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – comhaireamh, oibríochtaí, suimiú, dealú, roinnt, iolrú, rialacha agus airíonna, patrúin agus gaolta<br>*Comhtháthú – Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna – ábhair, coincheapa agus próisis chuí a roghnú le haghaidh tascanna agus feidhmeanna matamaiticiúla<br><br>Cumarsáid agus cur in iúl – próisis agus torthaí oibre a phlé agus a chlárú agus modhanna éagsúla a úsáid chuige<br><br>Réasúnaíocht – réasúnú go córasach i gcomhthéacs matamaiticiúil |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | seicheamh uimhreacha, patrún, riail, oibríocht, ionchur, aschur |
| **Áiseanna** | ábhair choincréiteacha, cláir bhána |

## Cur síos ar an nGníomhaíocht

Taispeánann an múinteoir seicheamh simplí ag úsáid ábhair choincréiteacha, mar shampla cipíní, cipíní fiacla, ciúbanna srl. Iarrtar ar dhaltaí an chéad chuid eile den seicheamh a leanúint. Tar éis cúpla iarracht de chur leis an seicheamh, iarr ar na daltaí an riail a shainaithint.

### 1 Gníomhaíocht 1

Iarr ar dhaltaí a seicheamh féin a chruthú ionas go leanfaidh a gcomhscoláire é agus go sainaithneoidh sé an riail.

### 2 Gníomhaíocht 2

Pléigh na rialacha difriúla atá feicthe ag na daltaí maidir lena seichimh éagsúla. Ceistigh an tslí ar féidir na rudaí a scríobh ag úsáid uimhreacha. Mar shampla, riail fhéideartha ná iolraigh faoi 2 agus móide 1. Mínigh gur féidir na rialacha sin a léiriú ag úsáid innill fheidhme le huimhir ionchuir agus aschuir. Taispeáin é seo don rang.

**Ionchur 4** → **X 2** → **+5** → **Aschur** →

Tarraingíonn daltaí a n-inneall feidhme féin chun na rialacha do na seichimh a chruthaigh siad a léiriú. Ansin, is féidir leo an uimhir ionchuir a ríomh ón aschur áirithe ag úsáid oibríochtaí inbhéartacha. Lig do dhaltaí rialacha inneall feidhme éagsúla a fhiosrú ag úsáid ionchuir agus aschuir áirithe.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
| --- | --- |
| • Cad é an chéad uimhir eile sa seicheamh seo?<br>• Cén uimhir atá ar iarraidh ón seicheamh seo?<br>• Cad é ionchur an innill feidhme seo?<br>• Cad é an riail don seicheamh nó don inneall feidhme seo? | • Mínigh cén fáth a bhfuil x ar iarraidh.<br>• Déan cur síos ar an rud a tharlaíonn do na huimhreacha leis an inneall feidhme seo. |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

Socraigh méid, raon agus líon rialacha don inneall feidhme de réir ábaltacht an dalta.
Is féidir le daltaí seichimh a chruthú ón inneall feidhme áirithe nó óna gceann féin.